Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11129/26**

**ECOFIN 919**
**UEM 323**
**SOC 448**
**EMPL 250**
**COMPET 863**
**ENV 839**
**EDUC 305**
**ENER 461**
**JAI 899**
**GENDER 136**
**JEUN 179**
**SAN 537**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hUngáire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 217 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hUngáire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, an 30 Aibreán 2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj)

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj).

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha, agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil a shainaithin go bhfuil an Ungáir ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[3] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud a fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

[3] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[4]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 don Ungáir. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Ungáir ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Ungáir. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hUngáire ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

4 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an Ungáir faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na hUngáire, ar measúnú é a rinneadh chun críocha an Rialacháin sin, foilsíodh iad an 20 Bealtaine 2026[5]. An 3 Meitheamh 2026, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an Ungáir. Go háirithe, leochaileachtaí a bhaineann leis an iomaíochas, riachtanais mhaoinithe an rialtais, agus praghsanna tithe, tá siad fós ann, agus tá beartais ann a lean de na leochaileachtaí sin a dhéanamh níos measa. Tá an boilsciú agus an fás ar chostais saothair aonadacha i measc na leibhéil is airde san Aontas d'ainneoin gníomhaíocht eacnamaíoch mharbhánta. Meastar nach laghdófar brúnna praghsanna agus costais ach de réir a chéile, agus go bhfanfaidh siad i bhfad níos airde ná mar atá sa limistéar euro agus san Aontas. Tá an t-easnamh rialtais ard le blianta beaga anuas agus tuartar go bhfanfaidh sé os cionn 5 % de OTI in 2027. Tá riachtanais mhaoinithe an rialtais agus costais seirbhísithe fiachais fós ard, cé nach bhfuil ach méadú beag tagtha ar chóimheas fiachais rialtais-OTI an rialtais a bhuí le fás ard OTI ainmniúil i gcomhthéacs an bhoilscithe atá fós ard. Tá neamhchosaintí móra ceannasacha fós ina seilbh ag na bainc, rud a léiríonn dreasachtaí cánach go páirteach. Lean praghsanna tithe de bheith ag méadú go láidir agus tá méadú tagtha ar rioscaí róluachála. Tá barrachas fós sa chuntas reatha, ach fágann spleáchas ard na hUngáire ar allmhairí fuinnimh go bhfuil sí leochaileach do phraghsanna fuinnimh níos airde agus níos luainí. Níl feabhas tagtha ar bheartais agus chuir siad le cuid de na leochaileachtaí. Cuireadh dlús fiú le fóirdheontais neamh-spriocdhírithe a chuireann le brúnna praghsanna agus a dhéanann dúshláin fhioscacha níos measa, agus an tráth céanna cuireann iasachtaí forleathana fóirdheonaithe rialtais brú ar airgeadas poiblí agus cuireann siad teorainn le héifeachtacht an bheartais airgeadaíochta. Ag féachaint chun cinn, dá sárófaí na beartais sin go héifeachtach, laghdófaí na leochaileachtaí.

[5] SWD(2026) 138 final.

(7) An 18 Feabhra 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hUngáire[6]. Cumhdaítear leis an bplean an tréimhse ó 2025 go dtí 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach i gcaitheamh 4 bhliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 4,3 % in 2025, 4,0 % in 2026, 3,9 % in 2027 agus 3,7 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 9,1 % in 2025, 13,5 % in 2026, 17,9 % in 2027 agus 22,2 % in 2028. Le haghaidh na mblianta 2025-2026, beidh uasrátaí fáis sin an ghlanchaiteachais ag teacht leis an gconair cheartaitheach, mar a mhol an Chomhairle faoi Airteagail 126(7) CFAE an 18 Feabhra 2025, d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach san Ungáir [7]. Ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin ar ghníomhaíocht éifeachtach an 3 Meitheamh 2026[8], tá an nós imeachta um easnamh iomarcach don Ungáir ar stad.

---

6 Moladh ón gComhairle an 18 Feabhra 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hUngáire (IO C, C/2025/1707, an 18 Márta 2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1707/oj).

7 Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh san Ungáir, arna ghlacadh an 18 Feabhra 2025. Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann le nós imeachta na hUngáire um easnamh iomarcach ag:https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-governance-framework/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/Hungary_en.

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

(8) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[9] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón Ungáir, an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Ungáir imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais[10]. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Ungáir in ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

(9) Ó dháta glactha an Mholta seo, níor chuir an Ungáir isteach a Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh. Níor chuir an Ungáir isteach ach oiread an tuarascáil ar ghníomhaíocht a rinneadh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach, a bheadh comhtháite sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn murach sin.

(10) In 2025, ba é 0,5 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 4,4 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,8 % in 2026 agus faoi 2,1 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,2 % ann in 2026 agus 3,1 % in 2027.

---

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

[10] Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Ungáir imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3967, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3968/oj).

(11) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[11], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na hUngáire ó easnamh 5,1 % de OTI in 2024 go heasnamh 4,7 % de OTI in 2025. Léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 den chuid is mó úschaiteachas níos ísle agus ciorruithe ar infheistíocht phoiblí. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 6,2 % de OTI in 2026 agus 5,8 % de OTI in 2027. Léiríonn an méadú in 2026 den chuid is mó bearta atá dírithe ar theaghlaigh, lena n-áirítear céimniú isteach breise na díolúine ó cháin ioncaim phearsanta do mháithreacha, an méadú ar an liúntas cánach do theaghlaigh, an pinsean 14ú mí, tacaíochtaí tithíochta agus bónas d'fhostaithe míleata agus forfheidhmithe dlí, chomh maith le sciorrthaí caiteachais.

(12) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[12], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 0,4 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann, faoi 1,7 % de OTI, in 2026, agus go mbeidh staid fhioscach neodrach ann den chuid is mó in 2027.

(13) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[13], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na hUngáire ó 73,5 % de OTI ag deireadh 2024 go 74,6 % de OTI ag deireadh 2025. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 úschaiteachas ardaithe agus fás OTI ainmniúil níos ísle den chuid is mó. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 75,1 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 76,8 % faoi dheireadh 2027. Léiríonn an méadú in 2026 agus 2027 den chuid is mó úschaiteachas ardaithe agus an t-easnamh príomhúil, rudaí a mhaolaítear le luachmhéadú láidir airgeadra in 2026.

---

[11] Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

[12] Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

[13] Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

(14) Ar bhonn shonraí Eurostat[14], 1,8 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na hUngáire ar an gcosaint in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,8 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2021. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 2,1 % de OTI in 2026, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 1,1 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021[15].

(15) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an Ungáir chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[16], is é sin, laghdú neamhspriocdhírithe ar dhleachtanna máil ar pheitreal agus díosal 19 HUF in aghaidh an lítir, le dáta éaga an 1 Bealtaine 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é níos lú ná 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach an bhirt sin in 2026[17]. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh an beart sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,1 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leis sa bhliain sin.

---

[14] Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

[15] Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d’fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

[16] Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

[17] Tar éis scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, cuireadh síneadh leis an mbeart ar feadh tréimhse éiginnte.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas san Ungáir faoi 8,1 % in 2025 agus is fás carnach 11,2 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,5 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,8 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Mar sin féin, tá an diall laistigh den tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta, agus an méadú ar an gcaiteachas cosanta á chur san áireamh.

(17) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas san Ungáir faoi 9,7 % in 2026 agus gur fás carnach 22,0 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 2,3 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 3,0 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh, agus 2024, 2025 agus 2026 á gcur san áireamh le chéile, is é 1,9 % de OTI diall carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais.

(18) Déanann roinnt cleachtas saobhadh ar fheidhmiú an mhargaidh airgeadais agus mhiondíola, rud a d'fhéadfadh éifeachtacht an bheartais airgeadaíochta a theorannú freisin. Cé gur cuireadh deireadh de réir a chéile le huasteorainneacha ar rátaí taisce bainc agus iasachtaithe chorparáidigh in 2024, choinnigh an rialtas ráta úis na n-iasachtaí morgáiste miondíola reoite ar an leibhéal a bhí ann i mí Dheireadh Fómhair 2021. Chun borradh a chur faoin éileamh intíre, tá úsáid fhorleathan á baint as iasachtaí fóirdheonaithe atá spriocdhírithe go forleathan ar theaghlaigh agus ar chorparáidí. Tá cion na n-iasachtaí fóirdheonaithe fós ard i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann roimh COVID-19, rud as a n-eascraíonn leithdháileadh caipitil fo-optamach trí thionscadail a bhfuil torthaí ísle agus gnóthachain táirgiúlachta theoranta acu a mhaoiniú. In 2025, chuir an rialtas uasteorainn leis an difríocht idir an praghas ceannaigh miondíola agus an praghas díola i gcás raon leathan táirgí bia agus earraí tionsclaíocha neamh-mharthanacha. Ina theannta sin, cuireadh uasteorainn le praghsanna breosla mótair i mí an Mhárta 2026.

(19) Ní chuireann an creat fioscach náisiúnta ach dreasachtaí teoranta ar fáil don inbhuanaitheacht fhioscach. Leis an 'staid chontúirte' atá i bhfeidhm ó 2020 go dtí an 14 Bealtaine 2026, cuireadh deireadh leis an gceanglas plean buiséadach ilbhliantúil a fhoilsiú rud a chur teorainn le cumas an chreata fhioscaigh treoshuíomh meántéarmach agus cuntasacht a áirithiú. Leis an gcleachtas ina nglactar an buiséad go luath agus ina ndéantar athbhreithnithe air go minic, laghdaítear inchreidteacht na spriocanna. Níor comhlíonadh in 2024 ná 2025 an riail fiachais náisiúnta lena gceanglaítear ar an rialtas a áirithiú go laghdófar an cóimheas fiachais phoiblí gach bliain agus, le linn tréimhsí maithe, is gnách go mbíonn tionchar comh-thimthriallach aici a chuireann leis na míchothromaíochtaí. Tá sainordú agus acmhainneachtaí oibríochtúla Chomhairle Fhioscach na hUngáire fós teoranta. Thairis sin, déanann na struchtúir nua bainistithe cistí poiblí arna gcruthú ag an rialtas, amhail iontaobhais leasa phoiblí, maoirseacht bhuiséadach a lagú toisc go ndealraíonn sé go n-oibríonn siad gan sásraí rialaithe éifeachtacha. Cé go ndearna an Ungáir athbhreithnithe caiteachais in 2023-2024, níor foilsíodh na torthaí ná níor léiríodh iad sa phleanáil bhuiséadach.

(20) Agus an daonra ag dul in aois, tá an Ungáir ag tabhairt aghaidh ar cheann de na méaduithe is mó san Aontas ar chaiteachas pinsin mar sciar de OTI idir 2025 agus 2070 (4,1 pointe céatadáin). Meastar go mbeidh tionchar aige sin ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí. De réir anailís an Choimisiúin ar inbhuanaitheacht fiachais, tá rioscaí na hUngáire don inbhuanaitheacht fhioscach ard ar an iomlán sa mheántéarma agus san fhadtéarma araon. Thairis sin, leis an laghdú de réir a chéile ar leordhóthanacht pinsean le haghaidh saothraithe ar ioncam íseal agus leis an méadú ar chaiteachas ar phinsin le haghaidh daoine aonair ardioncaim, tá méadú tagtha ar neamhionannais i measc pinsinéirí. Ina theannta sin, tugadh isteach sochar pinsin 14ú mí a mheastar a ardóidh meánleibhéil phinsin, ach níl sé spriocdhírithe, beidh tionchar breise aige ar neamhionannais agus cuirfidh sé leis na brúnna caiteachais réamh-mheasta a chuireann isteach ar inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach.

(21) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(22) San Ungáir, tá cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, ina gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), tá sé fós faoi bhun meánluas cur chun feidhme an Aontais i dtaobh roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cur i gcrích tapa na n-infheistíochtaí a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Ungáir ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, tá dúshláin fós le sárú ag an Ungáir, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le heasnaimh sa chóras bainistíochta agus rialúcháin, nósanna imeachta soláthair phoiblí atá róchasta agus róshriantach, agus glacadh íseal scéimeanna maoinithe nach bhfuil nasctha le costas in CFRE. I measc na saincheisteanna eile tá easpa pleanála agus comhordaithe intuartha maidir le glaonna ar fud roinnt clár agus píblínte tionscadal aibí, sásraí laga um chomhar críochach agus um chomhpháirtíocht, acmhainneacht ghairmiúil agus airgeadais neamhleor ar an leibhéal fonáisiúnta, úsáid theoranta meastóireachtaí, agus socruithe iomarcacha riaracháin agus dlíthiúla amhail na rialacha lena rialaítear infheistíochtaí poiblí (Acht LXIX 2023) nó an córas infheistíochtaí a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo don gheilleagar náisiúnta. Tá deis ag an Ungáir freisin inbhuanaitheacht na bpríomhthionscadal beartais phoiblí a fhaigheann tacaíocht ó CSE+ a áirithiú, lena n-áirítear trí phríomhshruthú beartais. An tráth céanna, ní mór don Ungáir dlús a chur le cur chun feidhme an CUAC toisc go bhfuil acmhainní le heisíoc faoi dheireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Ungáir ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[18], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a imscaradh go tapa agus go héifeachtach.

[18] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(23) Tá dúshláin roimh réigiúin thoir na hUngáire a chuireann bac ar a n-ionchais don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta toisc gur géaraíodh ar na dúshláin struchtúracha a bhí ann cheana. De dheasca thionchar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, méadaítear an brú slándála, cuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha trasteorann agus laghdaítear tarraingteacht na hinfheistíochta.

(24) Tá roinnt dúshlán roimh an Ungáir a bhaineann leis an timpeallacht ghnó, le cáilíocht na reachtaíochta, le soláthar poiblí, leis an gcreat in aghaidh an éillithe, le rochtain ar mhaoiniú, le nuálaíocht, le cánachas, le spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis, le fóirdheontais breosla iontaise, le cothromaíocht an líonra leictreachais, le bainistiú uisce, leis an ngeilleagar ciorclach, le hiompar, le hoideachas, le leibhéil scileanna agus le himeascadh grúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh fostaíochta, le cúnamh sóisialta, le hidirphlé sóisialta, le cúram sláinte agus le tithíocht.

(25) Tá an timpeallacht lag ghnó ina bacainn mhór ar an méadú táirgiúlachta. De réir táscairí iomaíochais, bhí an Ungáir i measc na dtíortha is measa feidhmíocht san Aontas in 2025. Tá dinimic ghnó íseal toisc go gcuireann rialacháin dhiana bac ar chruthú gnólachtaí. Mar gheall ar leitheadúlacht ard scéimeanna fóirdheontais, coinnítear gnólachtaí nach bhfuil chomh táirgiúil céanna ar an margadh. Tá an Rialachán maidir leis an Margadh Táirgí ar cheann de na rialacháin is déine i measc thíortha ECFE an Aontais, go háirithe i bhfochatagóirí maidir le saobhadh a eascraíonn as rannpháirtíocht an stáit. Cuireann an easpa córa comhionainne do chuideachtaí teorainn leis an iomaíocht. Tá struchtúr an mhargaidh comhchruinnithe agus níl ach líon beag gnólachtaí san iomaíocht i margaí sonracha. Cuirtear roinnt seirbhísí de chúram ar ghnólachtaí faoi úinéireacht stáit nó ar ghnólachtaí príobháideacha a oibríonn gan iomaíocht. Oibríonn an earnáil miondíola, go háirithe, i dtimpeallacht ghnó éagobhsaí. Déanann idirghabhálacha riaracháin difear do mhiondíoltóirí freisin, amhail caidhpeanna ar phraghsanna miondíola, teorainneacha ar chorrlaigh díolacháin, toirmeasc ar tháirgí bia a dhíol 48 n-uair an chloig roimh a ndáta éaga agus tuairisciú éigeantach praghsanna ar líne. Laghdaíonn bearta beartais agus cánacha arda iomaíochas miondíoltóirí. Tá an Stát gníomhach in idirbhearta gnó agus déanann sé gníomhaithe príobháideacha a bhrú amach trí cheannach roinnt cuideachtaí móra nó tríd an gceannach sin a éascú. Baineadh úsáid as idirghabhálacha stáit éagsúla chun iallach a chur ar úinéirí - ar úinéirí eachtracha iad den chuid is mó - a ngnólachtaí a dhíol, rud a éascaíonn seaimpíní náisiúnta poiblí nó rialtas-nasctha a chruthú. Cuirtear iallach ar ghnólachtaí oibriú faoi chaillteanas mar gheall ar cháin mhianadóireachta fhorlíontach, cáin ar chuóta CO2, caidhpeanna ar chorrlaigh praghais sa mhiondíol agus srianta onnmhairiúcháin ar ábhair thógála. Níl siad sin comhsheasmhach le rialacha an mhargaidh aonair. Tá méadú ag teacht ar na fadhbanna a bhíonn ag gnólachtaí maidir le híocaíochtaí déanacha. Tá bearnaí íocaíochta idir gnólachtaí agus san earnáil phoiblí ag dul i méid agus iad araon os cionn mheán an Aontais. Cruthaíonn an méadú atá ag teacht ar líon na gcistí cothromais phríobháidigh dúshláin nua. Is iad daoine aonair a bhfuil naisc acu leis an rialtas a bhaineann úsáid as an struchtúr cuideachta sin, go háirithe, toisc go gcinntíonn sé anaithnideacht. Tá méadú suntasach tagtha ar líon agus ar mhéid na gcistí cothromais phríobháidigh le blianta beaga anuas. Tá méadú ar an infheistíocht atá á déanamh ag cistí cothromais phríobháidigh i gcuideachtaí a ghnóthaíonn soláthairtí poiblí agus a bhaineann amach lamháltais ardluacha, agus tá láithreacht láidir acu in idirbhearta gnó leis an Stát. Chuir an timpeallacht lag ghnó le creimeadh an iomaíochais agus cuireann sí bac ar infheistíochtaí, agus i ndeireadh na dála bíonn boilsciú níos airde agus téarnamh eacnamaíoch mall mar thoradh uirthi mar a léiríodh sa ghrinn-athbhreithniú ar an Ungáir faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

(26) Tá timpeallacht rialála atá an-luaineach agus dothuartha fós roimh ghnólachtaí, arb é is príomhthréith di leasuithe rialta, úsáid fhorleathan beart éigeandála agus am ullmhúcháin teoranta le haghaidh athruithe rialála atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de. An spleáchas leanúnach ar rialachán atá bunaithe ar fhoraithne faoin gcóras éigeandála, cuireann sé teorainn le grinnscrúdú parlaiminte agus cuireann sé le héiginnteacht chomhlíontachta agus le riosca rialála ardaithe do ghnólachtaí. Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus cur i bhfeidhm uirlisí rialála níos fearr fós teoranta sa chleachtas. Bhí rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i bhforbairt dlíthe príomhúla ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas idir 2021-2024. Níl gá le comhairliúchán i gcéimeanna luatha an cheaptha rialacha agus ní dhéantar an mheastóireacht ex post go córasach, cé go bhfuil sainordú dlíthiúil aici. Leanann Feisirí aonair de Pharlaimint na hEorpa de dhréachtdlíthe tábhachtacha a chur síos, rud a fhágann go ndíolmhaítear iad go foirmiúil ó cheanglais chaighdeánacha maidir le comhairliúchán agus measúnú tionchair. Níl aon chomhlacht maoirseachta neamhspleách freagrach as cáilíocht na hanailíse tionchair rialála ná fairsinge an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara a áirithiú. Fiú nuair a dhéantar comhairliúchán, ní gá go mbeadh coigeartuithe substainteacha mar thoradh ar ionchur ó na páirtithe leasmhara.

(27) Tá an margadh soláthair fós leochaileach do chleachtais fhrithiomaíocha agus do rioscaí éillithe. Líon na gcinntí maidir le hathbhreithniú ar sholáthar poiblí i gcomparáid le glaonna ar iomaíocht, tá sé i measc na gceann is airde san Aontas. Tá an dearcadh i leith neamhspleáchas an Bhoird Eadrána Soláthair Phoiblí fós íseal i measc gnólachtaí. Tá tosca struchtúracha fós ag cur bac ar iomaíocht éifeachtach i nósanna imeachta soláthair, go háirithe in earnálacha an bhonneagair, na cosanta agus an tsoláthair láraithe. Is ábhar imní leanúnach é comhchruinniú ard an mhargaidh, lena n-áirítear i measc cuideachtaí a bhfuil an struchtúr úinéireachta céanna acu. Is mó i bhfad an seans go mbuafaidh cuideachtaí atá cleamhnaithe le gníomhaithe eacnamaíocha a bhfuil nasc polaitiúil acu conarthaí soláthair phoiblí, lena n-áirítear i dtairiscintí arna gcistiú ag an Aontas. D'fhéadfadh úsáid fhorleathan creat-chomhaontuithe teorainn bhreise a chur leis an iomaíocht trí ghnólachtaí áirithe a ghaibhniú agus comhchruinniú margaidh a threisiú, le trédhearcacht theoranta maidir le dámhachtain conartha sa dara céim den nós imeachta tairisceana. Cé go bhfuil trédhearcacht an chórais soláthair phoiblí go maith i gcoitinne, sa chleachtas tá imní fós ann maidir le heaspa trédhearcachta i gcás sonraí áirithe soláthair phoiblí agus maidir le cur i bhfeidhm rialacha maidir le coinbhleacht leasa.

(27) Is ábhar mór imní fós é an t-éilliú toisc go bhfuil laigí sistéamacha fós sa chreat in aghaidh an éillithe. Tá an dearcadh ar éilliú forleathan fós an-ard, agus de réir a chéile tá an dearcadh go bhfuil sé ina bhac ar ghnólachtaí ag éirí níos forleithne. Cé go ndearnadh roinnt beart chun aghaidh a thabhairt ar an éilliú i gcoitinne, is fadhb é an t-éilliú ardleibhéil fós agus ní mór an creat in aghaidh éillithe a neartú a thuilleadh. Ní chomhlíonann an córas dearbhaithe sócmhainní a ról go fóill, tá na rialacha maidir le coinbhleacht leasa fós ilroinnte agus tá easpa éifeachtachta ag baint leis an maoirseacht a dhéantar orthu. Ar an gcaoi chéanna, ní leor na teorainneacha iarfhostaíochta is infheidhme maidir le hoifigigh rialtais ardleibhéil agus déantar iad a fhorfheidhmiú go neamhéifeachtach. Tá easpa trédhearcachta ag baint le leathadh cineálacha nua struchtúr bainistíochta airgid phoiblí, go háirithe fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí agus cistí cothromais phríobháidigh, agus tá rioscaí éillithe ag baint leo. In éineacht leis sin, tá méadú ag teacht ar theorainneacha ar rochtain ar fhaisnéis phoiblí agus tá saoirse na meán ag dul in olcas, rud a chuireann teorainn freisin le maoirseacht agus rialú poiblí neamhspleách ar an rialtas agus a rannchuidíonn le héifeachtacht an chreata in aghaidh éillithe a ísliú go hiomlán.

(28) Tá margaí caipitil a fheidhmíonn mar chainéil chun gnólachtaí nuathionscanta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide atá an-nuálach a mhaoiniú tearcfhorbartha san Ungáir. Le beartais an rialtais, go háirithe trí chánachas, déantar coigilteas a atreorú i dtreo bannaí rialtais agus tithíochta seachas margaí caipitil lena maoineofaí infheistíochtaí táirgiúla. Chuir bearta beartais a rinneadh le déanaí bac breise ar fhorbairt margaí caipitil, amhail bannaí fadtéarmacha saor ó cháin d’infheisteoirí miondíola, cáin ar idirbhearta airgeadais ar urrúis, líon mór scéimeanna fóirdheontais le haghaidh FBManna agus dreasachtaí cánach le haghaidh infheistíocht tithíochta.

(29) Tá caiteachas poiblí T & F, lena n-áirítear in ollscoileanna, ar cheann de na cinn is ísle san Aontas, rud a chuireann bac ar bharr feabhais eolaíoch. Atheagrú leanúnach na hearnála taighde poiblí, chomh maith le sásraí meastóireachta doiléire ar institiúidí taighde, cuireann siad le dálaí oibre éiginnte do thaighdeoirí. Tá naisc idir an eolaíocht agus an gnó fós tearcshaothraithe, agus tá gníomhaíochtaí nuálaíochta fós comhchruinnithe i ngrúpa beag gnólachtaí atá faoi úinéireacht eachtrach, rud a chuireann teorainn le forbairt an bhoinn nuálaíochta intíre níos leithne, go háirithe i measc FBManna. Níl ach líon beag cuideachtaí, cuideachtaí móra den chuid is mó, a thairbhíonn as na fóirdheontais éagsúla mar gheall ar an ualach trom riaracháin agus rialacha incháilitheachta nach mbíonn soiléir i gcónaí maidir le caiteachas nuálaíochta. Tá deacracht ag na réigiúin creataí straitéiseacha T&F agus nuálaíochta a chur i bhfeidhm chun borradh a chur faoin iomaíochas réigiúnach go héifeachtach i bhfianaise riachtanais shonracha agus bhuntáistí iomaíocha an réigiúin.

(30) Mar gheall ar an líon ard díolúintí cánach, dreasachtaí cánach agus cánacha earnáilsonracha, tá an córas cánach casta. An méadú atá ag teacht ar an úsáid a bhaintear as cánacha earnáilsonracha, bíonn tionchar díréireach aige ar ghnólachtaí níos mó, ar gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach iad go minic. Is mó ná 2 % de OTI an t-ioncam ó chánacha earnáilsonracha. Áirítear ar na hearnálacha is mó a ndéantar difear dóibh baincéireacht, fuinneamh, miondíol, ábhair thógála, árachas agus teileachumarsáid. Le líon mór cánacha beaga, déantar costais chomhlíontachta a ardú, go háirithe do ghnólachtaí beaga. Tá an t-ualach cánach ar shaothar laghdaithe ach tá sé fós ard le haghaidh saothraithe ar ioncam íseal. Braitheann an Ungáir ar chánacha tomhaltais, rudaí a chuireann ualach níos airde ar shaothraithe ar ioncam íseal.

(31) Bhí an Ungáir fós ag brath go mór ar fhoinsí fuinnimh ón Rúis agus ba bheag an toradh a bhí ar na céimeanna a tugadh chun éagsúlú a dhéanamh. Tháinig méadú ar sciar na n-allmhairí ón Rúis in 2025 chuig níos mó ná 90 % i gcás ola, agus i gcás gáis, d’allmhairigh an Ungáir méideanna gáis ón Rúis a bhí i bhfad os cionn a conartha fhadtéarmaigh 4.5 bcm. D’ainneoin na mbeart a rinneadh chun soláthar breosla núicléach a éagsúlú amach anseo, leanfaidh an Ungáir de bheith ag brath ar bhreosla núicléach na Rúise le haghaidh na n-imoibreoirí atá aici cheana go dtí 2028 ar a laghad. Tá sé tábhachtach freisin don Ungáir plean náisiúnta cuimsitheach a fhorbairt ina mbeidh amlínte soiléire agus bearta rialála maidir le deireadh iomlán a chur lena spleáchas ar bhreosla núicléach ón Rúis de réir a chéile. Tá allmhairí fuinnimh fós suntasach, rud a fhágann go bhfuil an comhardú seachtrach i mbaol méaduithe ar phraghsanna fuinnimh, rud ar dúshlán é a sainaithníodh faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

(32) Tá fóirdheontais breosla iontaise ábhartha nach beag ag an Ungáir nach bhfuil sé beartaithe deireadh a chur leo de réir a chéile roimh 2030. Go háirithe, maidir le fóirdheontais breosla iontaise nach dtugann aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe ná ar fhíorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh, a chuireann bac ar leictriú agus nach bhfuil ríthábhachtach don iomaíochas tionsclaíoch, d'fhéadfaí a mheas gur tosaíocht é deireadh a chur leo de réir a chéile. San Ungáir, fóirdheontais breosla iontaise, amhail an clár laghdaithe costas fóntais, laghdú cánach breisluacha le haghaidh téamh ceantair a úsáideann gás nádúrtha, agus aisíocaíochtaí cánach máil ar úsáid talmhaíochta díosail, tá siad neamhéifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de, buanaíonn siad spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ní spreagann siad leictriú. Is féidir na cuspóirí a bhfreastalaíonn na fóirdheontais breosla iontaise sin orthu a bhaint amach trí chineálacha malartacha tacaíochta nach ngineann seachtrachtaí díobhálacha comhshaoil.

(33) Tá arduithe tobanna ar phraghsanna fós le sárú ag an Ungáir le linn uaireanta buaicéilimh mar gheall ar sholúbthacht neamhiontaise theoranta agus spleáchas leanúnach ar bhreoslaí iontaise chun leictreachas imeallach a ghiniúint. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach dlús a chur le rolladh amach foinsí fuinnimh in-athnuaite, go háirithe an ghaoth. Mar sin féin, tá an eangach fós faoi bhrú agus tá gá le hinfheistíocht mhór toisc go gcuireann scuainí nasctha moill freisin ar ghlacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite. Níl an Ungáir in PICASSO ná MARI go fóill, rud a chuirfidh teorainn lena cumas comhtháthú go hiomlán sa mhargadh inmheánach leictreachais agus tairbhe a bhaint as sásraí cothromúcháin trasteorann. Cuirtear bac ar an bhfreagairt ó thaobh éilimh de mar gheall ar rochtain theoranta teaghlach ar phraghsáil dhinimiciúil, uasteorainneacha ar phraghsanna fuinnimh do theaghlaigh, rolladh amach mall méadar cliste agus ról imeallach na gcomhbhailitheoirí agus na bpobal fuinnimh. Mar thoradh ar iomaíocht íseal idir soláthróirí, rialacháin throma agus cánacha troma san earnáil agus táillí arda tarchurtha líonra, d'fhan praghsanna leictreachais do chorparáidí i bhfad os cionn mheán an Aontais, rud a chuir bac ar iomaíochas.

(34) Tá rioscaí suntasacha aeráide roimh an Ungáir, rud a éilíonn gníomhaíocht chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú tríd an straitéis oiriúnaithe agus an plean gníomhaíochta gaolmhar a thabhairt cothrom le dáta, trí chóras faireacháin agus meastóireachta a chur ar bun, agus trí chistiú leordhóthanach na mbeart oiriúnúcháin a áirithiú, agus i bhfianaise na leochaileachta míchothroime ar fud na réigiún maidir leis an athrú aeráide freisin. Is riosca aeráide an-mhór é an ganntanas uisce i gcás na hUngáire, rud a léirítear leis na triomaigh a bhí aici le blianta beaga anuas, as ar eascair caillteanais shuntasacha in earnáil na talmhaíochta. Baineann bonneagar glas neamhleor an bonn d’athléimneacht fhoriomlán uisce na hUngáire, agus go háirithe a hacmhainneacht nádúrtha coinneála uisce. Ina theannta sin, cuirtear bac ar chur chun feidhme rathúil cleachtas inbhuanaithe bainistithe uisce mar gheall ar an mbearna i scileanna glasa ar leibhéal an bheartais agus leibhéal an chur chun feidhme. Is ábhar mór imní é cáilíocht an uisce mar gheall ar thruailliú ón talmhaíocht, ón tionsclaíocht agus ó lonnaíochtaí daonna, rud atá níos measa fós mar gheall ar infheistíochtaí neamhleora i bhfóntais uisce.

(35) Níl dul chun cinn á dhéanamh maidir le haistriú na hUngáire chuig geilleagar ciorclach, agus tá a táirgiúlacht acmhainní i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. Agus béim neamhleor á leagan ar athúsáid, deisiú agus athchúrsáil, is líonadh talún atá i gceist le 53 % de dhramhaíl chathrach in 2024, níos mó ná dhá oiread mheán an Aontais (22 % in 2023). Is ann do rátaí athchúrsála réasúnta íseal agus róspleáchas ar líonadh talún mar thoradh ar leithdháileadh acmhainní gann, leibhéal íseal iomaíochta agus acmhainneachtaí faireacháin agus cóireála neamhleora in earnáil an bhainistithe dramhaíola.

(36) Is dúshlán mór fós é an t-iompar a dhícharbónú san Ungáir, ós rud é go gcuireann an earnáil go mór leis na leibhéil arda astaíochtaí agus le saincheisteanna leanúnacha maidir le cáilíocht an aeir. Is é an t-iompar an dara tomhaltóir is mó d’fhuinneamh deiridh, arb ionann é agus 26 % d’úsáid fuinnimh iomlán na tíre. Tá an Ungáir chun deiridh maidir le cáilíocht an líonra iarnróid, lena n-áirítear a hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus tá laghdú seachas méadú tagtha ar an sciar de lasta intíre a iompraítear d’iarnród, rud a bhaineann an bonn de na hiarrachtaí chun aistriú módach ón iompar de bhóthar a bhaint amach. Maidir le hiompar de bhóthar, tá bonneagar athluchtaithe leictrigh sainordaithe chun deiridh ar spriocanna 2030 do ghluaisteáin agus do thrucailí tá bonneagar luchtaithe in easnamh den chuid is mó. Cistiú agus pleanáil neamhleor bonneagair chuimsithigh iompair phoiblí, cuireann siad bac ar limistéir bheagfhorbartha agus fhorimeallacha a fhorbairt agus ar rochtain chomhionann ar sheirbhísí iompair phoiblí ar ardchaighdeán.

(37) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimse na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an Ungáir in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(38) Cuireann neamhionannais mhóra i dtorthaí oideachais teorainn le hiomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta na hUngáire. Tá an cúlra socheacnamaíoch fós ina réamhtháscaire láidir ar bhunscileanna, ar luathfhágáil na scoile agus ar ghnóthachtáil oideachais, agus déantar difear ar leith do leanaí tuismitheoirí ar bheagán oiliúna, do Romaigh agus do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó atá faoi mhíchumas. Treisíonn an leithscaradh oideachais na neamhionannais sin tríd an luathrianú agus trí chineálacha éagsúla scoile, agus is iad na Romaigh is mó atá neamhchosanta ar an leithscaradh sin. Ní leor na bearta atá ann cheana chun rannpháirtíocht iomlán grúpaí daoine faoi mhíbhuntáiste a áirithiú san oideachas príomhshrutha ardcháilíochta. Le cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, ní leor an t-am a leithdháiltear ar bhunscileanna atá riachtanach le haghaidh tuilleadh foghlama agus chun oiriúnú d'aistrithe i margadh an tsaothair. Cuireann easpa conairí inrochtana gairmoideachais agus gairmoiliúna bac freisin ar dhul chun cinn i dtreo an bhreisoideachais. Tá neamhspleáchas institiúideach scoile teoranta, rud a chuireann bac ar nuálaíocht oideolaíoch agus ar éifeachtúlacht úsáide acmhainní, agus tá tarraingteacht ghairm na múinteoireachta fós íseal. Cé gur méadaíodh tuarastail múinteoirí le déanaí, baintear d'inspreagadh na múinteoirí fanacht sa ghairm de dheasca ualach trom oibre agus easpa tacaíochta sistéamaí do mhúinteoirí núíosacha. D'ainneoin an éilimh eacnamaíoch ar lucht saothair a bhfuil céim tríú leibhéal acu, tá an córas tacaíochta do mhic léinn neamhéifeachtach maidir le feabhas a chur ar an rochtain atá ag daoine óga ar staidéir tríú leibhéal, go háirithe i measc daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Cé go bhfuil méadú tagtha le déanaí ar áiteanna staidéir a mhaoinítear go poiblí, níl a bhfás ag teacht go hiomlán leis an méadú atá ag teacht ar líon na n-iarratas ar ardoideachas. Tá clárú i gcláir eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice fós faoi bhun mheán an Aontais, rud a chuireann srian ar acmhainneacht nuálaíochta na hUngáire i bpríomhearnálacha straitéiseacha.

(39) Tá an ráta fostaíochta fós ard, ach tá an rochtain ar phoist míchothrom. Bíonn deacrachtaí ag daoine ar bheagán oideachais, ag Romaigh, ag daoine faoi mhíchumas, agus ag daoine óga fostaíocht chobhsaí a aimsiú agus a choinneáil, agus bíonn éagothromaíochtaí suntasacha réigiúnacha i dtorthaí mhargadh an tsaothair. D'ainneoin ráta dífhostaíochta réasúnta íseal, tá an dífhostaíocht fhadtéarmach ag dul i méid, agus i gcás duine as gach triúr atá dífhostaithe, bíonn sé dífhostaithe ar feadh 12 mhí nó níos mó. Cuireann creat institiúideach ilroinnte bac ar chomhordú éifeachtach na mbeart lena dtugtar aghaidh ar an dífhostaíocht fhadtéarmach, rud a chuireann teorainn leis an tacaíocht ábhartha dóibh siúd is mó atá i ngátar. Níl rochtain ag grúpaí faoi mhíbhuntáiste ar bhearta éifeachtacha athscilithe agus uas-scilithe, lena n-áirítear le haghaidh scileanna bunúsacha agus digiteacha, ná ar thacaíocht chuimsitheach spriocdhírithe mheabhairshláinte, shóisialta, sláinte agus cuardaithe poist. Tá easpa foirne agus acmhainneachta ag an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta (SPF) chun oiliúint ardcháilíochta agus gairmthreoir a chur ar fáil go comhsheasmhach do dhaoine dífhostaithe, agus ní dhéantar faireachán ná measúnú rialta ar sheirbhísí. Tá cistiú náisiúnta inbhuanaithe don SPF ríthábhachtach, agus tús áite á thabhairt ag an am céanna do bhearta lena ndírítear ar infhostaitheacht fhadtéarmach. Tá acmhainneacht bhreise ann don SPF comhordú a dhéanamh ar na comhlachtaí éagsúla atá freagrach as beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, réamhaisnéis scileanna agus dearadh na hoiliúna ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an chontae.

(40) Tá éifeachtacht an idirphlé shóisialta agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas fós teoranta, go háirithe san earnáil phoiblí. Tá creat dlíthiúil ann d'fhóram trípháirteach na hearnála príobháidí, a bhfuil baint aige leis an bpá íosta a shocrú, agus cuireadh roinnt meithleacha ar bun maidir le príomhábhair. Mar sin féin, d'fhéadfaí trédhearcacht a mhodhanna oibre agus a thorthaí a fheabhsú, agus ba cheart iad a úsáid le haghaidh comhar éifeachtach idir an rialtas, fostóirí agus ceardchumainn. Tá an cumhdach cómhargála agus dlús na gceardchumann i measc na leibhéal is ísle san Aontas. Tá toirmeasc ar chómhargáil i gcúram sláinte agus i riarachán poiblí agus cuirtear bac uirthi mar gheall ar athruithe a rinneadh le déanaí ar stádas roinnt oibrithe san earnáil phoiblí. Tá deis ann tuilleadh tacaíochta fothaithe acmhainneachta a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta chomh maith le hathchóiriú a dhéanamh ar an Dlí Saothair chun éifeachtacht an idirphlé shóisialta a fheabhsú, agus bearta chun tacú le cearta oibrithe san earnáil phoiblí.

(41) Maidir leis an dul chun cinn atá déanta chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú, tá sé míchothrom agus tá neamhionannais ag dul i méid ar fud na tíre. Tá feabhas tagtha ar an ráta géardhíothachta ábharaí agus sóisialta, ach tá sé fós ar cheann de na rátaí is airde san Aontas. Tá leanaí, Romaigh, daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu an-leochaileach. Bhí os cionn trí cheathrú de leanaí a bhfuil tuismitheoirí ar bheagán oideachais acu i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2025. Mar thoradh ar rátaí bochtaineachta atá ag dul i méid, tá níos mó leanaí ag dul isteach i seirbhísí cosanta leanaí an stáit, agus níl líon na dteaghlach altrama leordhóthanach agus tá sé ag laghdú. Níl aistrithe sóisialta ná an córas sochair cánach éifeachtach chun bochtaineacht agus neamhionannas ioncaim a laghdú. Tá leordhóthanacht an tsochair ioncaim íosta ar cheann de na cinn is ísle san Aontas, agus níl aon choigeartú tréimhsiúil ann. Tríd an ioncam íosta agus na sochair shóisialta a innéacsú do chostais mhaireachtála agus bearta tacaíochta spriocdhírithe, d'fhéadfaí rannchuidiú le daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht. Cuireann an teorainn 3 mhí ar shochair dhífhostaíochta srian ar fhorbairt scileanna nó ar phost ábhartha seasmhach a aimsiú, rud a mhéadaíonn baol na bochtaineachta i measc daoine dífhostaithe. Tá dúshláin roimh ghrúpaí leochaileacha, go háirithe i gceantair thuaithe, maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha agus sóisialta, amhail cúram leanaí, scoileanna, cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh go páirteach ar a laghad mar gheall ar shrianta airgeadais agus neamhspleáchas fioscach laghdaithe bardas. Tá leithscaradh cónaithe agus oideachais na Romach fós ard, agus tá baol ann go ndéanfar tuilleadh imeallaithe orthu mar gheall ar fhoraitheanta le déanaí maidir le 'cosaint féiniúlachta áitiúla'. Is tionscnamh dearfach é an clár atá maoinithe ag an Aontas lena ndírítear ar na 300 bardas is mó atá faoi mhíbhuntáiste, ach tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun infheistíocht inbhuanaithe a dhéanamh i seirbhísí bunriachtanacha príomhshrutha (seirbhísí digiteacha, iompair, uisce agus fuinnimh) agus seirbhísí sóisialta (seirbhísí sláinte, oideachais agus cúraim), lena n-áirítear seirbhísí atá dírithe ar leanaí.

(42) Tá an t-ionchas saoil ar cheann de na cinn is ísle san Aontas agus tá an bhásmhaireacht inchoiscthe agus inchóireáilte san Ungáir ar cheann de na cinn is airde san Aontas. Cuireann ganntanas leanúnach foirne, caiteachas íseal ar shláinte, leithdháileadh neamhéifeachtúil acmhainní agus éagothromaíochtaí réigiúnacha bac ar rochtain chomhionann ar sheirbhísí cúraim sláinte. Níl daoine óga á mealladh chuig gairm an chúraim sláinte, lena n-áirítear dochtúirí, altraí agus oibrithe cúraim sláinte eile. Is dúshlán é foireann a earcú agus a choinneáil agus dáileadh geografach na foirne sin. Níl an cúram sláinte coisctheach ná an cúram príomhúil forbartha go leordhóthanach, agus faigheann siad cistiú poiblí íseal, rud a mbíonn tionchar aige ar shláinte agus ar tháirgiúlacht an daonra. Tá an mhaireachtáil shláintiúil neamhspleách ag éirí níos deacra do dhaoine scothaosta, go háirithe i gceantair thuaithe, mar gheall ar sheirbhísí tearcfhorbartha baile agus pobalbhunaithe. Cuireann costais arda neamh-in-aisíoctha teorainn le rochtain do ghrúpaí leochaileacha, agus aistríonn ualaí cúraim chuig córais cúraim sláinte agus chuig teaghlaigh mar gheall ar ghanntanais foirne, rud a fhágann go laghdaítear cáilíocht an chúraim agus rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair.

(43) Ní mór do theaghlaigh san Ungáir níos mó ná 15 bliana d’ioncam a shábháil chun árasán 100 méadar cearnach a cheannach, ceann de na leibhéil is airde san Aontas agus is ionann é agus beagnach dhá oiread mheán an Aontais. Tá méadú tagtha ar phraghsanna tithe níos tapúla ná mar atá in aon tír eile san Aontas agus tá méadú mór tagtha ar chíosanna freisin, méadú a bhí níos tapúla ná an fás pá le deich mbliana anuas. Cuireann costais tithíochta atá ag dul i méid níos mó brú ar ioncam teaghlaigh, go háirithe dóibh siúd atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus do thionóntaí. Cuirtear níos mó leanaí i gcóiríocht shealadach mar gheall ar dheacrachtaí airgeadais teaghlach, agus tá méadú tagtha ar an easpa dídine. An tráth céanna, tá stoic tithíochta sóisialta na mbardas, atá teoranta cheana féin, ag laghdú a thuilleadh, agus níl aon bheart spriocdhírithe tacaíochta tithíochta ann de réir tástáil acmhainne, lena n-áirítear le haghaidh cíosa, do ghrúpaí ar ioncam íseal. In éagmais beartais éifeachtacha chomhtháthaithe shóisialta uirbeacha agus tuaithe, is saincheist fós é an leithscaradh cónaithe. Chuir fóirdheontais tithíochta fhlaithiúla agus neamh-spriocdhírithe agus soláthar tithíochta srianta le méaduithe ar phraghsanna tithe, rud a laghdaigh inacmhainneacht, ar dúshlán é a sainaithníodh faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

(44) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúidí maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, cuirtear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 san áireamh i moltaí (1), (2), (3), (4) agus (6). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moltaí (1), (2), (3) agus (4) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann leis an airgeadas poiblí. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (3) agus (4) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le hiomaíocht costais. Cuidíonn na beartais dá dtagraítear i moladh (6) ó thaobh aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le tithíocht.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ungáir in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Gníomhaíocht a dhéanamh chun glanchaiteachas a rialú ionas go n-urramófar an chonair cheartaitheach a mhol an Chomhairle an 18 Feabhra 2025, i bhfianaise an diallta ábharaigh a réamh-mheasann an Coimisiún don bhliain 2026 *vis-à-vis* an uasteorainn ghlanchaiteachais a mholtar, agus úsáid á baint ag an am céanna as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta arna ghníomhachtú ag an gComhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Comhordú éifeachtach agus críochú soiléir na mbeartas maicreacnamaíocha a shaothrú chun inbhuanaitheacht fhioscach agus sheachtrach a áirithiú. Deireadh a chur de réir a chéile le caidhpeanna ar phraghsanna agus ar rátaí úis, agus bearta coibhéiseacha, atá ann go fóill chun éifeachtaí saofa a laghdú agus chun tarchur rianúil an bheartais airgeadaíochta a éascú. An creat buiséadach meántéarmach a neartú. Inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean a fheabhsú, agus leordhóthanacht á caomhnú an tráth céanna.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. Dlús suntasach a chur leis na hiarrachtaí chun cláir an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme, ag tógáil, i gcás inarb iomchuí, ar an ath-leithdháileadh ar thosaíochtaí straitéiseacha agus ar sholúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar chreat an bheartais comhtháthaithe. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla shocheacnamaíocha, slándála agus ullmhachta sibhialta a dhéanann difear do réigiúin ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais, lena n-áirítear an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar dé-úsáide.

3. Feabhas a chur ar an gcreat rialála agus feabhas a chur ar an iomaíocht i margaí táirgí agus i seirbhísí, go háirithe sa mhiondíol, i gcomhréir le prionsabail an Mhargaidh Aonair agus an smachta reachta. Cáilíocht agus trédhearcacht an phróisis cinnteoireachta a fheabhsú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht éifeachtach le geallsealbhóirí eile agus trí mheasúnuithe tionchair rialta. An creat in aghaidh an éillithe a threisiú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar iarrachtaí ionchúisimh agus ar rochtain ar fhaisnéis phoiblí. Deireadh a chur le cleachtais a chuireann srian ar iomaíocht sa soláthar poiblí. Forbairt margaí caipitil a spreagadh trí dhreasachtaí cánach agus rialála a mhéadú. An creat nuálaíochta don earnáil phoiblí agus do ghnólachtaí a neartú trí intuarthacht an chaiteachais phoiblí ar T&F a fheabhsú agus trí na bearta atá ann cheana a dhíriú ar FBManna ar bhealach níos fearr, agus buntáistí iomaíocha agus riachtanais réigiúnacha á gcur san áireamh freisin. An córas cánach a shimpliú, lena n-áirítear trí dheireadh a chur de réir a chéile le cánacha saobhacha a fhorchuirtear ar earnálacha sonracha agus trína chothroime a mhéadú.

4. Dlús a chur le héagsúlú an tsoláthair fuinnimh chun deireadh a chur leis an spleáchas ar fhoinsí ón Rúis de réir a chéile agus bearta nithiúla a dhéanamh chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise, go háirithe na fóirdheontais a bhaineann le dleachtanna máil ar dhíosal agus iad siúd a chuireann bac ar leictriú san earnáil chónaithe. Solúbthacht agus iomaíocht in earnáil an leictreachais a fheabhsú, tríd an margadh cothromúcháin, an fhreagairt don éileamh agus an bonneagar eangaí a neartú freisin agus trí imscaradh foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Feabhas a chur ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus athléimneacht uisce lena n-áirítear trí choinneáil nádúrtha uisce agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna glasa, agus ciorclaíocht a fheabhsú, go háirithe trí acmhainneachtaí cóireála dramhaíola a neartú. Iompar glan a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dhlús a chur leis an infheistíocht i leictriú agus in iompar poiblí inacmhainne.

5. Torthaí oideachais agus ráta gnóthachtála an oideachais threasaigh a fheabhsú agus rannpháirtíocht grúpaí daoine faoi mhíbhuntáiste a mhéadú san oideachas príomhshrutha ardcháilíochta trí tharraingteacht ghairm na múinteoireachta a mhéadú a thuilleadh.

6. Rochtain ar bhearta gníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair a mhéadú, go háirithe trí dheiseanna uas-scilithe agus athscilithe a chur ar fáil do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus idirphlé sóisialta éifeachtach a áirithiú. Feabhas a chur ar leordhóthanacht an chúnaimh shóisialta agus na sochar dífhostaíochta, agus rochtain a áirithiú do chách ar sheirbhísí riachtanacha príomhshrutha ar ardchaighdeán. Rochtain ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach ar ardchaighdeán a fheabhsú, go háirithe seirbhísí coisctheacha agus seirbhísí cúraim phríomhúil. Bearta tacaíochta san earnáil tithíochta a dhíriú ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus an soláthar tithíochta a mhéadú, lena n-áirítear le haghaidh tithíocht inacmhainne agus tithíocht shóisialta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*